



ÁRAS STAIR NA HEORPA

ACMHAINN 1

Agóidí Earrach na nArabach in 2011




Foinse: Léarscáil a rinne “NEWSMAPPERS” ar Tripline





ÁRAS STAIR NA HEORPA

Réabhlóidí 1989 i mBloc an Oirthir



Foinse: Vicipéid © Public domain





ÁRAS STAIR NA HEORPA

Réabhlóidí 1848 san Eoraip

Ba shraith shuaite pholaitiúil iad Réabhlóidí 1848, ar tugadh Earrach na Náisiún orthu, a scaip ar fud mhór-roinn na hEorpa, agus an náisiúnachas, an liobrálachas, athruithe sóisialta agus géarchéim gheilleagrach á gcothú.



Foinse: *Revolution and Reaction in Europe 1815 - 1849, Atlas of World History, Philips, Londain, 1999,*
Léarscáil 3, Ich 173 © Atlas of World History, Philips, London, 1999





ÁRAS STAIR NA HEORPA

Sleachta as alt “The Domino Revolutions: 1848, 1989, 2011”

“(…) Is suntasach iad na cosúlachtaí idir 1848, 1989 agus 2011 go háirithe mar gheall ar a thapúla a scaipeadh na réabhlóidí, ar an gcineál céanna cuspóirí a bhí ag na ceannaircigh agus ag na hagóideoirí ó thír go chéile agus ar an luas iontach lenar ghéill (mar dhea) an seanréimeas, a raibh cuma chomh buan le carraig air, don bhrú faoi choinne an athraithe. Tá ceann de na cosúlachtaí is soiléire le feiceáil sa ról a bhí ag an teicneolaíocht i scaipeadh na réabhlóidí – cumhacht ghaile i 1848, teileachumarsáid i 1989 agus an t-idirlíon agus fóin phóca in 2011. Tarraingíodh anuas na difríochtaí follasacha fosta: nochtann saineolaithe ar Earrach na nArabach go coitianta an dóchas go mbeidh 2011 cosúil le 1989 sa deireadh, seachas a bheith cosúil le 1848. Ach tá níos mó le foghlaim fós ó mhionstaidéar ar dhinimic réabhlóide domanó.

(…) i ngach aon réabhlóid dhomanó, bíonn ról lárnach ag an tsochaí sibhialta chun cur i gcoinne a chothú in aghaidh an tseanchórais taobh istigh de chultúr an cháinte, is cuma cé chomh cúng is atá bonn sóisialta na sochaí sibhialta sin.(…)

Bhí bunús eacnamaíoch fadtéarmach ag na réabhlóidí domanó go léir fosta: fás síorleanúnach an daonra nach dtógfadh fás marthanach sa táirgiúlacht isteach é go dtí deireadh na naoú haoise déag a bhrúigh réabhlóidí 1848 ar aghaidh. D’éascair Earrach na nArabach, ar ndóigh, in atmaisféar ollchliste airgeadais dhomhanda an lae inniu. (...)

Ina dhiaidh sin, d’oibrigh gníomhartha foréigin chun laigí an tseanchórais a nochtadh, é sin nó chun an fhéidearthacht a thaispeáint a spreag leathadh na gníomhaíochta réabhlóidí. I 1848, 1989 agus 2011, sholáthair foirmeacha éagsúla foréigin a gcéad mhairtíriú do na réabhlóidí. Sa Fhrainc, ar chuir a réabhlóid féin tús le sraith rachtanna eile ar fud na hEorpa i 1848, ba é an t-ár a rinneadh ar agóideoirí gan arm ar Rue des Capucins a rinne éirí amach ceart de chás lán le teannas. I 1989, comhartha soiléir de lofacht réimeas Ceaușescu ab ea léirsitheoirí a mharú ar chéimeanna na hardeaglaise i dTimișoara. (...) Sa Túinéis, an díoltóir margaidh a chuir é féin trí thine in 2011 i ngníomh féiniobartha, spreag seisean an t-éirí amach, ní hamháin ina thír féin, ach ar fud an domhain Arabaigh. (...)

Mar thríú rud, ós rud é go mbíonn na réabhlóidí domanó trasnáisiúnta, bíonn tábhacht ag baint leo i gcuidreamh idirnáisiúnta, nó bíonn imní ar na mórchumhachtaí a bhfuil leas acu sa réigiún faoina chobhsaíocht agus faoin ‘tógáil’ réabhlóideach. Ag an am céanna, oibríonn réabhlóidí domanó fiú taobh istigh de chreat stát atá ann cheana, agus is minic a smaoiníonn na réimis nua i dtéarmaí an leasa náisiúnta.”

Foinse: An Dr Michael Rapport agus an Dr Kevin Adamson, [History Workshop Online](#), 12/01/2012





ÁRAS STAIR NA HEORPA

Geamhrú Dorn Réabhlóideach, múrmhaisiú le Zoo Project, Túinis, an Túinéis, Márta-Aibreán 2011



Foinse: Grianghraf le caoinchead Elissa Jobson don taispeántas ar líne "Creative Dissent" le hOllscoil Michigan, Ann Arbor agus leis an Músaem Náisiúnta Arabach Meiriceánach, Dearbor © Elissa Jobson - Bilal Berreni - Zoo Project

